NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Stair na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2) Sonraíocht an ghearrchúrsa

An Clár Ábhar

Teideal an ghearrchúrsa 3

Intreoir don tsraith shóisearach 3

Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shóisearach 3

Réasúnaíocht 4

Aidhm 4

Forléargas: Cúrsa 5

Torthaí foghlama 6

Snáithe 1: Saol an staraí 7

Snáithe 2: Iniúchadh a dhéanamh ar an saol le himeacht ama 7

Snáithe 3: Iniúchadh a dhéanamh ar an am atá thart i m'áit 8

Naisc 9

Measúnú agus tuairisciú 13

Comhpháirteanna Measúnaithe 14

Aguisín: Na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (QQI) 15

Teideal an ghearrchúrsa

Stair (don scoláire a leanann cláir foghlama Leibhéal 2)

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.
Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shóisearach

Stair i gcuraclam na bunscoile

Tá stair na bunscoile ar cheann de thrí ábhar (mar aon le tíreolaíocht agus eolaíocht) atá leagtha amach taobh istigh den réimse curaclaim ar Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE). Díríonn OSIE go láidir ar an 'imshaol', arb ionann é agus an timpeallacht nó na dálaí seachtracha a n-idirghníomhaíonn an rud aonair (pé acu daonnaí nó orgánach beo eile) nó pobal leo a chur in iúl. Sa chomhthéacs seo, díríonn an stair ar an gcaoi ar mhúnlaigh gníomh an duine timpeallachtaí an duine, timpeallachtaí tógtha agus cultúrtha. Tarraingítear aird ar eolas, luachanna agus scileanna a fháil i gcomhthéacs iniúchta agus scrúdaithe. Déantar staidéar ar shaol daoine san am atá thart, ar stair náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar staidéar áitiúil agus ar obair an staraí i gcuraclam páistelárnach. Cuirtear deiseanna soiléire ar fáil i stair na sraithe sóisearaí Leibhéal 2 chun an fhoghlaim ghaolmhar a rinneadh sa bhunscoil a chur chun tosaigh.

Réasúnaíocht

Is ionann staidéar ar an Stair agus iniúchadh a dhéanamh ar thaithí an duine le himeacht ama agus an chaoi ar mhúnlaigh an taithí sin an domhan ina mairimid inniu. Foghlaimíonn an scoláire staire faoi nádúr an athraithe le himeacht ama. Nuair a dhéanann an scoláire staidéar ar shaol daoine san am atá thart, agus nuair a dhéanann sé iniúchadh ar na hathruithe a tháinig ar mhodh maireachtála na ndaoine le himeacht ama, faigheann an scoláire léargais níos doimhne ar a bhfuil i gceist le bheith mar chuid den chine daonna.
Cuirtear ar chumas an scoláire scileanna úsáideacha a fháil agus a fhorbairt, nuair a dhéanann sé staidéar ar an gcaoi a n-oibríonn staraí, lena n-áirítear an cumas chun breithiúnas a thabhairt nó tuairimí a fhorbairt bunaithe ar fhianaise, chun eolas a bhailiú, agus chun torthaí a chur in iúl.
Forbraítear tuiscint an scoláire ar fhiosracht agus spreagtar a shamhlaíocht nuair a éisteann sé le scéalta faoi dhaoine agus faoi rudaí a tharla san am a caitheadh, rud a chuireann ar a chumas freagairtí a chruthú agus chun a mhothúcháin agus a smaointe a chur in iúl ar bhealaí éagsúla agus cruthaitheacha.
Cuirtear ar chumas an scoláire an saol agus an áit a bhfuil sé ann a fheiceáil ar bhealaí nua nuair a dhéanann sé iniúchadh ar an am a caitheadh. Cuirtear ar a chumas éagsúlacht peirspictíochtaí a fháil faoin méid atá ar eolas aige cheana nuair a fhoghlaimíonn sé faoin athrú a tháinig ar a phobal agus ar a theaghlach agus tacaíonn sé leis aithne a chur ar dhaoine agus chun foghlaim faoi áiteanna eile ina shaol.

Aidhm

Is é is aidhm leis an ngearrchúrsa an scoláire a chumasú agus a chumhachtú:

- tuiscint a fháil ar nádúr na staire, lena n-áirítear obair an staraí
- feasacht a fhorbairt ar nádúr agus ar thionchar an athraithe le himeacht ama ina shaol
- a chomhfhiosacht faoin stair a fhorbairt
- chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phobal áitiúil agus sa phobal níos leithne
- chun machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim agus chun freagairt di ar bhealaí éagsúla
- réimse scileanna a fháil maidir le bheith ag foghlaim, machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim agus an fhoghlaim a chur in iúl.

Forléargas: Cúrsa

Leagtar amach na torthaí foghlama sin i dtrí shnáithe idircheangailte. Leagtar na torthaí foghlama amach ionas go ndéanfar iniúchadh orthu ar bhealach traslíneach, agus go ndéanfar an fhoghlaim i ngach snáithe a chomhtháthú le gach ceann eile.

Eagraítear na torthaí foghlama sna trí shnáithe bunaithe ar dhá ghné, agus tá siad ann chun aird a tharraingt ar nádúr na foghlama, na múinteoireachta, agus na measúnachta a bhíonn ag an scoláire:

Taithí a fháil agus Páirt a ghlacadh
Eagraítear na torthaí foghlama bunaithe ar Thaithí a fháil agus Páirt a ghlacadh chun cur ar chumas an scoláire chun taithí a fháil ar choincheapa tábhachtacha sa stair ag leibhéal atá feiliúnach don chéim foghlama. Cuimsítear leo seo, coincheapa ar nós, nádúr an ábhair mar dhisciplín, mar shampla, chomh maith leis an gcaoi a n-oibríonn an staraí, bunús na fianaise, feasacht ar am agus ar athrú, agus an tuiscint ar shuntas.

Freagairt agus Machnamh a dhéanamh
Eagraítear na torthaí foghlama bunaithe ar Fhreagairt agus Machnamh a dhéanamh chun cur ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim, agus chun freagairt di ar bhealaí éagsúla. Ba cheart go dtabharfaí cúnamh don scoláire freagairtí a chruthú ar bhealaí éagsúla agus i modhanna éagsúla. Ba cheart go dtabharfaí tacaíocht dó tuairim a thabhairt ar na gnéithe dá chuid foghlama a d'imir tionchar air, agus ar an gcaoi ar chuidigh siad leis dearcadh difriúil a fháil ar an saol. Ba cheart na deiseanna le haghaidh machnaimh a chur le chéile bunaithe ar riachtanais agus ar chumas an fhoghlaimeora.

Is iad seo a leanas na snáitheanna den ghearrchúrsa seo:

Snáithe 1: Saol an staraí
Tugtar buneolas faoi nádúr na Staire mar dhisciplín sa tsnáithe seo don scoláire. Cuireann sé ar chumas an scoláire machnamh a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil an stair tábhachtach agus bainteach lena shaol. Forbraíonn an scoláire tuiscint ar obair an staraí agus ar an tábhacht a bhaineann le fianaise ar thuiscint a fháil ar an am a caitheadh.

Snáithe 2: Iniúchadh a dhéanamh ar an saol le himeacht ama
Cuireann an snáithe seo ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar shaol daoine san am atá thart agus chun tuiscint a fháil ar na hathruithe a tháinig ar mhodh maireachtála na ndaoine le himeacht ama. Tá an bhéim dírithe ar thuiscint a fháil ar an gcaoi ar tháinig athrú ar shaol laethúil an duine. Is féidir leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar shuntas ar bhealach feiliúnach ach féachaint ar dhaoine mór le rá san am a caitheadh. Cuireann an snáithe ar chumas an scoláire taithí a fháil ar an gcumhacht a bhaineann le scéalaíocht mar bhealach le bheith rannpháirteach san am a caitheadh. Cuireann an snáithe ar chumas an scoláire staidéar a dhéanamh i gcomhthéacs stair na hÉireann, na hEorpa agus an domhain níos leithne, d'fhéadfaí aird a tharraingt ar shonraíocht Leibhéal 3 anseo, de réir riachtanais agus chumas na bhfoghlaimeoirí.

Snáithe 3: Taighde a dhéanamh ar an am atá thart i m'áit
Dírítear ar an tsnáithe seo sa stair áitiúil. Tugtar spreagadh don scoláire iniúchadh a dhéanamh ar an athrú a tháinig ar an saol ina cheantar agus ina phobal. Cuireann an snáithe seo ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe de stair a theaghlaigh. Is í an sprioc anseo go gcuirfear ar chumas an scoláire páirt a ghlacadh sa phobal nó lena mhuintir agus go ndéanfar foghlaim an scoláire sa stair a cheiliúradh, ionas gur féidir muintearas dearfach a chothú.

Is machnamh ar bhailiúchán obair an scoláire ar fud an chúrsa seo é an MRB don ghearrchúrsa. Mar sin, ba cheart don scoláire taifead a choinneáil ar a chuid oibre le linn dó a bheith ag dul tríd an gcúrsa seo.

Tá na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo ailínithe leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Dearadh an cúrsa le haghaidh 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

Torthaí foghlama

Is ionann torthaí foghlama agus ráitis ina gcuirtear síos ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna is cóir don scoláire a bheith in ann a thaispeáint tar éis dó gearrchúrsa seo na sraithe sóisearaí a chríochnú.

Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (100 uair an chloig). Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe.

Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

Snáithe 1: Saol an staraí	
Gnéithe Foghlaimíonn scoláirí faoi	**Torthaí foghlama** Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Taithí a fháil agus Páirt a ghlacadh	1.1 Cur síos a dhéanamh ar roinnt bealaí ina n-oibríonn an staraí 1.2 Cuid de na foinsí fianaise a úsáideann na staraithe a liostú 1.3 Stórtha a shainaithint ina gcoinnítear fianaise staire (ar nós músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann) 1.4 Plé a dhéanamh ar an gcaoi a gcuidíonn seandálaíocht linn tuiscint a fháil ar an am a caitheadh 1.5 Úsáid a bhaint as sonraí stairiúla nó as eolas stairiúil chun plé a dhéanamh ar an am a caitheadh 1.6 An chaoi a gcuidíonn déantúsáin linn tuiscint a fháil ar an am a caitheadh a mhíniú
Freagairt agus Machnamh a dhéanamh	1.7 Roinnt cúiseanna a thabhairt leis an bhfáth a ndéanann daoine staidéar ar an stair 1.8 Cuairt a thabhairt ar bhailiúchán fianaise (ar nós músaem, taispeántas, leabharlann, nó ionad oidhreachta) agus déan taifead ar a n-eispéireas 1.9 Amlíne a choinneáil d'fhorbairtí stairiúla, ina dtaispeántar roinnt feasachta ar chroineolaíocht 1.11 Cur le bailiúchán taisceadáin todhchaí 1.12 A shamhail nó a léiriú féin ar dhéantúsán stairiúil a chruthú
Snáithe 2: Iniúchadh a dhéanamh ar an saol le himeacht ama	
Gnéithe Foghlaimíonn scoláirí faoi	**Torthaí foghlama** Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Taithí a fháil agus Páirt a ghlacadh	2.1 Tuairimí a léiriú faoi dhaoine agus faoi imeachtaí san am a caitheadh 2.2 Roinnt tuisceana a léiriú ar réanna éagsúla san am a caitheadh

	2.3 Cur síos a dhéanamh ar na hathruithe a tháinig ar mhodh maireachtála na ndaoine le himeacht ama[1] 2.4 Taighde a dhéanamh ar shaol duine mór le rá ó stair na hÉireann nó an domhain níos leithne 2.5 Na meáin dhigiteacha a úsáid chun foghlaim faoin am a caitheadh 2.6 Ceangail a dhéanamh idir gnéithe den mhodh maireachtála na ndaoine san am a caitheadh agus saol an scoláire
Freagairt agus Machnamh a dhéanamh	2.7 Plé a dhéanamh ar a smaointe faoin mbail a bhíodh ar shaol na ndaoine óga a bhí ar comhaois leo i ré dhifriúil san am a caitheadh 2.8 Iniúchadh a dhéanamh ar théama, ar eachtra nó ar imeacht roghnaithe san am a caitheadh 2.9 A scéalta féin a insint faoi dhaoine agus faoi imeachtaí a bhí ann san am a caitheadh, ach úsáid a bhaint as modhanna éagsúla 2.10 Plé a dhéanamh ar ghnéithe dá shaol a bhféadfadh sliocht ár sleachta a fheiceáil mar rudaí atá suntasach nó tábhachtach ó thaobh na staire de

Snáithe 3: Iniúchadh a dhéanamh ar an am atá thart i m'áit

Gnéithe Foghlaimíonn scoláirí faoi	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Taithí a fháil agus Páirt a ghlacadh	3.1 Iniúchadh a dhéanamh ar a phobal áitiúil, suíomhanna tógtha nó nádúrtha a shainaithint, suíomhanna a bhfuil tábhacht nó suim stairiúil ag baint leo

[1] D'fhéadfadh go mbeadh an bhéim anseo ar nós maireachtála mar shampla, nó, ar obair, ar chúrsaí scoile, ar éadach, ar theicneolaíocht, ar bhia agus ól, ar shláinte, agus ar spórt agus caitheamh aimsire. Is téamaí molta iad seo agus ní léiríonn sé seo liosta uileghabhálach.

	3.2 Cuairt a thabhairt agus iniúchadh a dhéanamh ar cheantar áitiúil a bhfuil suntas staire ag baint leis 3.3 Agallamh a chur ar sheanduine, ar nós duine dá chlann, faoin gcuimhne atá aige faoin bpobal áitiúil, nó faoina óige agus é ag fás aníos, agus taifead a dhéanamh ar na torthaí 3.4 Úsáid a bhaint as foinsí éagsúla fianaise, ar nós leabhar, nuachtán, grianghraf, pictiúr, fianaise bhéil, déantán, agus taifeadtaí scríofa 3.5 Taifeadtaí nó bailiúcháin eolais a fhorbairt faoina dhúiche, lena n-áirítear, mar shampla, grianghraif, taifeadtaí gearra scríofa, sceitsí, gearrtháin nuachtáin, nó acmhainní ar líne
Freagairt agus Machnamh a dhéanamh	3.6 Cur i láthair a dhéanamh faoi ghné dá cheantar áitiúil nó faoi stair a theaghlaigh dá pháirtithe ranga nó do lucht féachana eile 3.7 Comhoibriú a dhéanamh le daoine eile chun taispeántas a eagrú agus a chuid oibre a cheiliúradh 3.8 Páirt a ghlacadh i bplé le haoichainteoir a bhfuil eolas aige ar an stair áitiúil

Naisc

a) Na ráitis foghlama

Is sna ráitis sin a chuirtear síos ar an méid ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, ar cheart tuiscint a bheith aige air, ar cheart dó luach a chur air agus ar cheart dó a bheith in ann chuige ag deireadh a ré sa tsraith shóisearach. Is féidir le gearrchúrsa a bheith ina rannchuidiú leis an bhfoghlaim a thuairiscítear i roinnt ráiteas

Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ábhartha sa chúrsa
RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.	Foghlaimeoidh an scoláire faoi bhunús a oidhreachta stairiúla trí iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe den stair a bhaineann lena áit féin, cosúil le daoine scothaosta a chur faoi agallamh maidir leis an gcuimhne atá acu ar

	bheith ag fás aníos, agus ar na gnéithe a d'imir tionchar ar a saol.
RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.	Gheobhaidh an scoláire amach faoi ghnéithe den am a caitheadh, lena n-áirítear daoine agus/nó imeachtaí, a raibh tionchar acu ar an saol ina bhfuil sé.
RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar atá ag gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air.	Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an gcaoi ar imir an t-am a caitheadh tionchar ar ghnéithe dá shaol laethúil agus dá cheantair agus dá phobail áitiúla.
RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.	Gabhfaidh an scoláire do TFC agus é ag tóraíocht eolas staire agus le linn dó a bheith ag cruthú freagraí, maidir leis an am a caitheadh a fhiosrú.

b) Ocht bpríomhscil na sraithe sóisearaí

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil: A bheith liteartha; Mé féin a bhainistiú; Fanacht folláin; Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú; A bheith uimheartha; A bheith cruthaitheach; Obair le daoine eile agus an Chumarsáid.

Príomhscil	Gné na príomhscile	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
A bheith liteartha	Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt	Foghlaimíonn an scoláire, agus cuireann sé an fhoghlaim i láthair ach úsáid a bhaint as modhanna éagsúla.

Mé féin a bhainistiú	A bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin	Déanfaidh an scoláire machnamh ar a chuid foghlama féin agus an chaoi a bhforbraíonn a thuiscint ar an saol de bharr an staidéir atá á dhéanamh aige ar an stair.
Fanacht folláin	A bheith sóisialta A bheith muiníneach A bheith dearfach faoin bhfoghlaim	Oibríonn an scoláire as lámha a chéile agus é ag comhrá lena phiaraí. Roinneann agus cuireann sé a chuid oibre i láthair.
Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú	A bheith fiosrach Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil	Cuireann an scoláire ceist faoi mhodh maireachtála na ndaoine san am a caitheadh. Faigheann sé amach faoin athrú a tháinig ar mhodh maireachtála a cheantair áitiúil.
A bheith uimheartha	Meastachán, tuar, agus ríomh Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil	Cruthóidh an scoláire línte ama chun tuiscint ar an gcróineolaíocht a léiriú. Déanfaidh sé anailís ar fhoinsí ina léirítear sonraí uimhriúla.
A bheith cruthaitheach	Smaoineamh go cruthaitheach	Úsáidfidh an scoláire an fhianaise atá ar fáil agus a shamhlaíocht chun machnamh a dhéanamh ar shaol daoine sa saol atá caite. Déanfaidh an scoláire samhlacha nó léiriú eile de láithreacha a bhfuil spéis stairiúil iontu, cosúil le caisleáin, cloigthithe nó láithreáin chuimhneacháin.
Obair le daoine eile	Ag comhoibriú Foghlaim le daoine eile	Oibríonn an scoláire as lámha a chéile lena phiaraí
Cumarsáid	Éisteacht agus mé féin a chur in iúl	Cuirfidh an scoláire daoine ina t(h)eaghlach féin nó sa phobal faoi agallamh chun cuimhní cinn nó scéalta a bhailiú. Beidh an scoláire ag comhoibriú ar thionscadail nó ar chuir i láthair i ngrúpaí.

(c) Naisc idir na hAonaid Foghlama Tosaíochta, gnéithe de na haonaid agus gníomhaíocht foghlama an scoláire

Aonad Foghlama Tosaíochta	Gné an aonaid	Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire
Cumarsáid agus litearthacht	Labhairt go cuí le haghaidh cuspóirí éagsúla agus aird mar éisteoir a thaispeáint	Déanann an scoláire plé ar a fhoghlaim lena mhúinteoir, lena pháirtithe ranga, agus le daoine eile. Cuireann sé obair atá déanta aige i láthair chun a fhoghlaim a thaispeáint, chun tuairimí a thabhairt ar obair a phiaraí agus chun freagairt di.
Cumarsáid agus litearthacht	Éist le réimse scéalta agus freagra a thabhairt orthu	Foghlaimíonn an scoláire faoi scéalta faoi dhaoine, faoi áiteanna agus faoi imeachtaí a tharla san am a caitheadh, agus a raibh tionchar acu ar shaol an lae inniu. Freagraíonn sé do na scéalta seo agus cruthaíonn sé roinnt scéalta dá chuid féin, ach úsáid a bhaint as an inspioráid a fuair sé ón méid a d'fhoghlaim sé.
Cumarsáid agus litearthacht	Teicneolaíochtaí oiriúnacha a úsáid i gcomhair réimse críocha	Pléann an scoláire le TFC chun eolas a fháil faoin am a caitheadh, agus chun a fhreagraí a chruthú agus a fhorbairt maidir leis an méid a d'fhoghlaim sé i bhformáidí éagsúla.
Uimhearthacht	Sonraí a úsáid i gcomhair réimse críocha	Úsáidfidh an scoláire suíomhanna gréasáin nó acmhainní ar líne chun fianaise a bhailiú faoi ghné den saol atá caite le haghaidh tionscadal taighde. Coinneoidh sé/sí comhaid leictreonacha dá chuid/cuid oibre agus cruthóidh sé/sí cur i láthair digiteach chun a t(h)orthaí a thaispeáint.
Uimhearthacht	Feasacht ar am a fhorbairt	Cruthaíonn agus úsáideann an scoláire amlínte chun tuiscint ar chroineolaíocht a fhorbairt agus chun idirdhealú a dhéanamh idir athruithe fadtréimhse agus nua san am a caitheadh
Cúram Pearsanta	Caidrimh dhearfacha a fhorbairt	Oibríonn an scoláire as lámha a chéile ar thascanna, ar nós ceisteanna a chruthú le cur ar aoichainteoir nó ar agallaí
Cúram Pearsanta	Áiseanna áitiúla a úsáid	Déanann an scoláire iniúchadh ar a phobail áitiúla chun gnéithe de shuntas staire a fháil amach. Tugann sé cuairteanna ar shuíomhanna ábhartha nó spéise agus déanann sé teagmháil le baill an phobail chun tacú lena fhoghlaim agus chun í a chur chun cinn.

Measúnú agus tuairisciú

Tacaíonn an gearrchúrsa seo le cuir chuige éagsúla maidir le measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama oiriúnach le haghaidh measúnú aon uaire, cuid eile le haghaidh measúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a thugann an scoláire faoi ghníomhaíochtaí difriúla foghlama ar nós plé, míniú, taighde, cur i láthair, pleanáil agus gníomhú.

Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscoláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán a gcuid oibre. Tacaíonn measúnú leanúnach leis an scoláire agus tá sé ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Táthar ag súil go mbeidh fianaise ag an scoláire ar a chuid foghlama i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear taispeántais, taifeadtaí amhairc, samhlacha, taifeadtaí digiteacha, grianghraif, físeáin, píosaí scríofa, portfóiliónna oibre, gníomhaíochtaí praiticiúla agus tascanna idirdhealaithe, ach níl sé teoranta dóibh.

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Faightear thíos achoimre ar **Mheasúnú Rangbhunaithe** amháin as a mbainfear leas le breithiúnais a dhéanamh faoi chaighdeán shaothar an scoláire sa ghearrchúrsa seo.

Measúnú Rangbhunaithe

Measúnú Rangbhunaithe: ***Féachaint ar m'fhoghlaim sa Stair***

Is **tasc machnaimh** é an Measúnú Rangbhunaithe atá bunaithe ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim an scoláire aonair ar fud a staidéir ar an stair sa ghearrchúrsa seo. Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- tráthanna tábhachtachasan fhoghlaim
- eispéiris faoi leith ar bhain sé sásamh astu
- an méid oibre a rinne sé le haghaidh tasc faoi leith
- éachtaí pearsanta a baineadh amach ina rannpháirtíocht sa ghearrchúrsa seo.

Gheobhaidh an scoláire taithí ar eispéiris éagsúla sa loga foghlama a chuirfear i láthair tar éis dó an gearrchúrsa a chur i gcrích. Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe a chruthú i bhformáid ar bith atá oiriúnach chun machnaimh an scoláire a ghabháil. Mar shampla:

- i bhfoirm scríofa, ar nós tuarascáil ghearr
- i bhfoirm dhigiteach, amhail blag, físeán nó cur i láthair le sleamhnáin
- i bhfoirm amhairc, amhail cur i láthair grafach, samhail nó taispeántas
- i bhfoirm fuaime, ar nós cur i láthair ó bhéal nó taifead fuaime.

Ní liosta uileghabhálach é sin, níl ann ach samplaí de na roghanna féideartha atá ann chun an loga foghlama a fhorbairt. D'fhéadfadh an scoláire cinneadh a dhéanamh roinnt cur chuige a úsáid chun a loga foghlama a chur i láthair.

Comhpháirteanna Measúnaithe

Is príomhghné de theagasc agus d'fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe, bídís mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba cheart go mbeadh na socruithe measúnaithe, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht ó theicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiceach nó foghlama ag scoláire, is féidir socruithe measúnaithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmíocht an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Bíonn oiriúntais mar sin a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar an gcuraclam agus ar mheasúnú bunaithe ar riachtanais shonracha.

Tugtar tuilleadh eolais sna Treoirlínte cuimsitheacha do scoileanna agus leagan idirghníomhach den Chreat um Oideachas Uileghabhálach maidir le cleachtais mheasúnaithe thacúla.

Aguisín: Na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (QQI)

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth, bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an inniúlacht a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 2 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí	2
Eolas *Fairsinge*	Tá eolas cúng sa raon sin
Eolas *Cineál*	Nithiúil i dtagairt agus bunúsach i dtuiscint
Fios gnó agus scil *Raon*	Raon teoranta scileanna bunúsacha, praiticiúla a léiriú, lena n-áirítear na huirlisí ábhartha a úsáid
Fios gnó agus scil *Roghnaíocht*	Seicheamh tascanna a dhéanamh faoi threoir shoiléir
Inniúlacht *Comhthéacs*	Feidhmiú i raon teoranta comhthéacsanna intuartha agus struchtúrtha
Inniúlacht *Ról*	Feidhmiú i raon ról, faoi threoir
Inniúlacht *Foghlaim le foghlaim*	Foghlaim le foghlaim ar bhealach smachtaithe i dtimpeallacht dea-struchtúrtha agus maoirsithe
Inniúlacht *Léargas*	Feasacht a léiriú ar ról neamhspleách dó féin

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment